Comhairle an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12633/23**

**LIMITE**

**CORLX 842**
**CFSP/PESC 1202**
**COEST 493**
**FIN 892**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2023) 211.

---

Faoi iamh: HR(2023) 211

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 11 Meán Fómhair 2023**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

**HR(2023) 211**
*Limited*

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2023]**

**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]).

(2) An 23 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1217([2]), lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí, gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217. De bhun Airteagal 1(24), de Chinneadh (CBES) 2023/1217, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.

(3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 1 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217,

---

[1] IO L 229, 31.7.2014, lch. 13.

[2] Cinneadh (CBES) 2023/1217 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 159I, 23.6.2023, lch. 451).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2023 i leith na n-eintiteas go léir dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC